Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**9641/16**

**EDUC 218**
**JEUN 42**
**AUDIO 73**
**SOC 364**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9068/16 EDUC 147 JEUN 37 AUDIO 63 SOC 265 |
| Ábhar: | Litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint<br>*-Conclúidí ón gComhairle (30 Bealtaine 2016)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3471ú cruinniú a bhí aici ar an 30 agus ar an 31 Bealtaine 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le**
**litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina ndeirtear go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, fhorlámhas an dlí agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI

– Dearbhú Pháras, a glacadh ar an 17 Márta 2015,[1] ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le *cumas leanaí agus daoine óga a neartú i ndáil le smaointeoireacht chriticiúil agus breithiúnais a dhéanamh i dtreo is go mbeidh siad in ann an fhírinne de scéalta a thuiscint, fíricí a idirdhealú ó thuairimí, bolscaireacht a aithint agus gach cineál síolteagaisc agus fuathchainte a dhiúltú, go háirithe i gcomhthéacs an idirlín agus na meán sóisialta*;

[1] Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas, Páras, 17 Márta 2015.

– Tuarascáil Chomhpháirteach ET2020 an 15 Nollaig 2015[2], ina n-ainmnítear obair leantach ó Dhearbhú Pháras mar phríomhthosaíocht sa timthriall nua oibre (2015-2020) *trí anailís chomhpháirteach, trí fhoghlaim piaraí, trí chruinnithe, trí dhea-chleachtais a scaipeadh agus trí bhearta nithiúla a bhfuil maoiniú mar bhonn acu;*

– An Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ar an 24 Feabhra 2016 maidir le forbairt shocheacnamaíoch agus cuimsitheacht a chur chun cinn san Aontas tríd an oideachas[3], ina bhfuil gealltanas *chun litearthacht dhigiteach na daoine óga agus a litearthacht sna meáin a fheabhsú mar aon lena gcumas smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh, agus chun a scileanna sóisialta agus a n-inniúlachtaí saoránachta a fheabhsú ina theannta sin;*

AGUS I bhFIANAISE AN MÉID SEO A LEANAS

–An Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim[4] ar feadh an tsaoil, lena n-aithnítear na nithe seo a leanas mar phríomhinniúlachtaí ar cheart do gach saoránach a bhaint amach: *'inniúlacht dhigiteach'*, a éilíonn *dearcadh criticiúil agus machnamhach i leith faisnéis atá ar fáil agus úsáid fhreagrach na meán idirghníomhach*; *'inniúlachtaí sóisialta sibhialta'* lena n-áirítear an cumas *dearcthaí difriúla a thuiscint agus meas a léiriú ar luachanna daoine eile;* agus 'feasacht chultúrtha agus léiriú cultúrtha' lena gcuimsítear braistint na féiniúlachta mar bhunús do mheon oscailte don éagsúlacht agus don mheas uirthi;

---

2 IO C 417, 15.12.2015, lgh. 25-35.
3 IO C 105, 19.3.2016, lgh. 1-4.
4 IO L 394, 30.12.2006, lgh. 10-18.

– Na Conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2012 maidir leis an Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí[5], *ina gcuirtear i dtreis go bhfuil ról tábhachtach ag earnáil an oideachais agus ag tuismitheoirí maidir le cabhrú le leanaí leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an Idirlíon ar bhealach tairbhiúil cruthaitheach, mar aon le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a aithint agus a láimhseáil agus go bhfuil tacaíocht agus oiliúint de dhíth ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí féin, ní amháin chun bheith ar an eolas faoi na hathruithe a thagann ar shaolta fíorúla leanaí, athruithe a tharlaíonn go tapa agus is deacair a thuar, ach freisin chun bheith ar an eolas faoi na teicneolaíochtaí nua a bhíonn ag síorathrú*;

– An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Cosc a chur ar radacú i dtreo na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh[6], ina dtugtar aird ar leith ar *chomhar níos dlúithe leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach chun dul i ngleic leis na dúshláin a thagann os comhair daoine ar líne* agus ar *dhlús a chur faoi iarrachtaí chun daoine óga a spreagadh smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh ar theachtaireachtaí antoisceacha* i measc na bpríomhghníomhaíochtaí chun an radacú a chosc;

– Na Conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2014 maidir le Beartas Closamhairc na hEorpa san Aois Dhigiteach[7], ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit *dea-chleachtais agus taighde a chur chun cinn maidir le litearthacht sna meáin a áireamh in oideachas foirmiúil agus in oiliúint fhoirmiúil*, *agus san fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta chomh maith*;

---

5 IO C 393, 19.12.2012, lgh. 11-14.
6 5451/14.
7 IO C 433, 3.12.2014, lgh. 2-5.

– Na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála i leith radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac, ina n-iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tacú le daoine óga chun *cur i gcoinne na dtiochar antoisceach ar an idirlíon agus sna meáin shóisialta* agus chun *smaointeoireacht chriticiúil mar aon leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí ábhartha a fhorbairt chun na foinsí agus na haidhmeanna atá taobh thiar den fhaisnéis a sholáthraítear a thuiscint, lena n-áirítear bolscaireacht agus fuathchaint*[8];

MEASANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

Leis an idirlíon - agus na meáin shóisialta go háirithe - tá deiseanna ar fáil, nach bhfacthas riamh roimhe seo, agus ar éigean a bhfuil teorainn leo, chun eolas agus tuairimí a roinnt. Trí rochtain a thabhairt ar mhéid eolais as cuimse, mar aon le rochtain ar réimse leathan foinsí, is féidir leis an idirlíon agus leis an meáin tionchar suntasach a bheith acu ar thuairimí, ar mheoin agus ar an tuiscint a bhíonn ag daoine ar rudaí. Cuireann siad bealach ar fáil freisin do gach duine chun ábhar a chruthú, a roinnt agus a fhoilsiú iad féin, agus sa chaoi sin, cabhraíonn siad le buanna daoine a fhorbairt, le cruthaitheacht a chothú agus le nuáil a chur chun cinn.

Tá rochtain éasca leanúnach ar an idirlíon fite fuaite le saol an lae inniu, agus tá an méid ama a chaitheann daoine, go háirithe daoine óga, ar líne, ag méadú de shíor.[9] Tá pobail fhíorúla agus teagmhálacha fíorúla - go háirithe trí na meáin shóisialta agus trí sheirbhísí teachtaireachtaí meandracha - ag éirí níos tábhachtaí.

---

[8] 9640/16.

[9] Baineann os cionn leath de mhuintir na hEorpa úsáid as líonraí sóisialta; daoine óga atá i bhformhór na n-úsáideoirí sin. Úsáideann 84% de mhuintir na hEorpa faoi bhun 30 na meáin shóisialta agus dá óige na grúpaí ar a mbreathnaítear, is é is mó a fheictear an líon sin ag druidim i dtreo 100%.

INA FHIANAISE SIN, TUGANN SÍ AN MÉID A LEANAS FAOI DEARA FREISIN

Tá an tábhacht a bhaineann le litearthacht sna meáin - is é sin le rá, na cumais theicniúla chognaíocha shóisialta shibhialta agus chruthaitheacha lena bhfuilimid in ann rochtain a fháil ar chineálacha traidisiúnta agus nua meán[10] agus lena bhfuilimid in ann tuiscint chriticiúil a fháil orthu agus idirghníomhú leo - ag méadú ó lá go lá. Tá dlúthnasc idir an litearthacht sin agus na nithe seo: rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach, saoránacht agus an cumas breithiúnais a dhéanamh go criticiúil agus go neamhspleách mar aon le machnamh a dhéanamh ar ár n-iompar féin, agus ar an dóigh sin is féidir léi mianach daoine óga a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar theachtaireachtaí antoisceacha agus ar bhréagaisnéis.

Is cuid ríthábhachtach de litearthacht sna meáin í inniúlacht dhigiteach, lena gcuimsítear úsáid mhuiníneach chruthaitheach chriticiúil TFC. Féadfaidh an té nach bhfuil ach leibhéal íseal inniúlachta digití aici nó aige a bheith faoi mhíbhuntáiste, ní hamháin ar mhargadh an tsaothair, áit a éilíonn beagnach gach cineál poist leibhéal éigin inniúlachta digití, ach sa tsochaí i gcoitinne. Mar gheall air sin, tá nasc soiléir idir inniúlacht dhigiteach a fheabhsú agus iarrachtaí chun sochaithe a bheadh níos cuimsithí agus níos comhtháite a bhunú.

Mar sin féin, tá príomhinniúlachtaí eile i gceist le litearthacht sna meáin - a bhfuil nasc aici leis an litearthacht agus le scileanna cumarsáide i gcoitinne - go háirithe *inniúlachtaí sóisialta sibhialta* a bhfuil dlúthnasc eatarthu agus smaointeoireacht chriticiúil, lena n-áirithítear gur féidir le daoine luach na héagsúlachta a aithint agus meas a bheith acu ar thuairimí agus ar luachanna daoine eile, ach ina theannta sin *feasacht chultúrtha agus léiriú cultúrtha*, atá bunaithe ar bheith in ann tuairimí an duine féin a léiriú ar bhealach a bheidh i gcomhréir le daoine eile, lena n-áirítear daoine ó chúlraí cultúrtha difriúla.

[10] Leis na cumais sin is féidir linn smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh, agus páirt á glacadh againn i ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha na sochaí agus ról gníomhach againn sa phróiseas daonlathach. Cumhdaíonn an coincheap meáin éagsúla: craoladh, raidió, an preas, trí bhealaí difriúla: bealaí traidisiúnta, an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus díríonn sí ar riachtanais gach aoisghrúpa.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

Cé go bhfuil inniúlacht dhigiteach ag éirí níos riachtanaí an t-am ar fad, is díol suntais an líon ard daoine nach bhfuil leibhéal bunúsach inniúlachta digití acu go fóill féin[11], rud a chuireann i mbaol na dífhostaíochta agus an eisiaimh shóisialta iad. Bíonn baint aige sin le 'bearna dhigiteach' a chruthú as a bhféadfadh éagothroime shóisialta agus eacnamaíoch teacht agus is dúshlán soiléir é sin dár gcórais oideachais agus oiliúna.

I dteannta na dtairbhí agus na ndeiseanna iomadúla a chuirtear ar fáil leis an idirlíon agus sna meáin shóisialta, d'fhéadfadh bagairtí agus contúirtí a bheith ag roinnt leo freisin, go háirithe trí ábhar a chur ar fáil ar líne atá míchuí nó díobhálach fiú do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear fuathchaint agus ábhar a dhéanann beag is fiú d'fhoréigean. I measc na nithe míthaitneamhacha eile a bhaineann leo tá mealltóireacht ar líne agus bulaíocht ar an idirlíon, nithe ar féidir leo difear suntasach a dhéanamh do dhea-bhail agus d'fhorbairt leanaí, mar aon le tionchar diúltach a bheith acu ar a gcuid feidhmíochta oideachais.

Mar thoradh ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla le déanaí san Eoraip agus teagmhais antoisceachais fhoréignigh eile, is ábhar imní ar leith iad na deiseanna thar na bearta a chuirtear ar fáil ar an idirlíon agus sna meáin shóisialta do ghrúpaí antoisceacha de gach cineál chun an fuath agus teachtaireachtaí lena ngríosaítear daoine chun foréigin a scaipeadh gan stró agus chun dul i gcion ar aos óg míshásta. Is minic a bhaineann gné thrasnáisiúnta le radacú as a n-eascraíonn foréigean, nuair a théann líonraí antoisceach i dteagmhail le daoine óga leochaileacha, beag beann ar theorainneacha. Cé nach dócha go gcuirfí deireadh le gach cineál antoisceachais fhoréignigh tríd an leibhéal oideachais a ardú, is féidir leis an oideachas agus an oiliúint cuidiú leis an radacú a chosc agus ba cheart go n-éireodh leo é sin a dhéanamh.

---

[11] San Aontas Eorpach, níl scileanna digiteacha, nó níl ach leibhéal íseal scileanna, ag 40% de na saoránaigh, cé go meastar go bhfuil leibhéal éigin scileanna digiteacha ag teastáil i gcás 90% de na poist atá ar fáil san Aontas. Tá sé beagnach ina réamhchoinníoll mar sin go mbeadh na scileanna sin ag daoine d'fhonn post a fháil agus chun bheith infhostaithe i gcónaí.

AONTAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SEO A LEANAS

Mar chuid den mhisean foriomlán chun daoine óga a ullmhú don tsochaí agus don mhargadh saothair, mar aon le tacú leo sásamh pearsanta a bhaint amach, tá ról tábhachtach ag an oideachas agus ag an oiliúint chun cabhrú le daoine óga a bheith liteartha sna meáin agus ina saoránaigh fhreagracha don todhchaí.

Príomhghné amháin de mhisean an oideachais agus na hoiliúna is ea cur ina luí ar dhaoine óga tús áite a thabhairt do luachanna bunúsacha, amhail na luachanna a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus meon oscailte fiosrach a fhorbairt agus a choinneáil, agus a bheith in ann smaoineamh go neamhspleách criticiúil, breithiúnais fónta a thabhairt trí eolas bunaithe ar fhíricí a úsáid agus teachtaireachtaí antoisceacha, síolteagasc agus bréagaisnéis a dhiúltú agus a chomhrac ag an am céanna.

I dtreo is go mbeidh an t-oideachas agus an fhoireann oiliúna ar gach leibhéal ábhartha i gcónaí, tá sé ríthábhachtach go mbeidís ar comhchéim leis na forbairtí prasa sin agus go dtabharfaidís na hinniúlachtaí – eolas, scileanna agus dearcthaí – agus na luachanna riachtanacha d'fhoghlaimeoirí le rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar ábhar eile na meán, lena léiriú, lena dtabhairt ar aird agus lena n-úsáid, go háirithe i gcomhthéacs an idirlín agus na meán sóisialta, ar mhodh sábháilte freagrach.

Bíonn an-tábhacht le cineálacha cuimsitheacha cur chuige maidir leis an "scoil iomlán" a úsáid ina mbíonn baint ag pobal iomlán na scoile mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile, ós rud é gur minic a fhoghlaimítear conas úsáid fhreagrach a bhaint as an idirlíon agus as na meáin shóisialta i suímh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

1. Spreagadh a thabhairt chun aird leordhóthanach a thabhairt ar litearthacht sna meáin agus ar an smaointeoireacht chriticiúil san oideachas agus san oiliúint a fhorbairt ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí oideachas na saoránachta agus oideachas sna meáin.

2. Leibhéil níos airde inniúlachta digití i measc foghlaimeoirí sna haoisghrúpaí go léir a shaothrú, san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, mar réamhchoinníoll tábhachtach chun a gcumas a neartú páirt ghníomhach a ghlacadh i saol daonlathach ár sochaithe nua-aimseartha mar aon leis na deiseanna fostaíochta atá acu a fheabhsú.

3. In éineacht le creataí agus uirlisí náisiúnta, féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach maidir le hInniúlacht Dhigiteach do na Saoránaigh, as Creat Inniúlachtaí an Chultúir Dhaonlathaigh de chuid Chomhairle na hEorpa agus as an gCreat Measúnaithe Domhanda maidir le Litearthacht sna Meáin agus san Fhaisnéis de chuid UNESCO.

4. Timpeallachtaí foghlama atá slán ó thaobh na sochaí de, ar líne agus as líne araon, a spreagadh ina bhféadfar saincheisteanna conspóideacha a phlé go hoscailte agus an tsaoirse cainte a chaomhnú agus an chumhacht a thabhairt don fhoireann teagaisc na pléití sin a thionscnamh agus a stiúradh.

5. Tacaíocht a thabhairt don fhoireann teagaisc agus do cheannairí scoile ar gach leibhéal den oideachas agus den oiliúint, trí oiliúint tosaigh agus trí fhorbairt ghairmiúil leantach, a n-inniúlacht dhigiteach féin a fhorbairt mar aon leis na scileanna oideolaíocha atá riachtanach chun teicneolaíochtaí nua agus acmhainní oideachais oscailte a úsáid ina dteagasc agus chun díriú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an litearthacht sna meáin agus leis an smaointeoireacht chriticiúil ar mhodh éifeachtach le foghlaimeoirí ó gach aoisghrúpa agus ó gach cúlra.

6. Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus le geallsealbhóirí eile sa tsochaí i gcoitinne d'fhonn an bhearna dhigiteach ó ghlúin go glúin a laghdú agus cultúr roinnte an idirphlé agus na comhthuisceana a chothú.

7. An t-idirphlé, an comhar agus comhpháirtíochtaí a atreisiú idir earnáil an oideachais agus na hoiliúna agus earnáil na meán – lena n-áirítear iriseoirí – mar aon le gach geallsealbhóir ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí don aos óg, ós rud é go n-éilítear cur chuige ildisciplíneach chun litearthacht sna meáin a fhorbairt go héifeachtach agus an ról tábhachtach, a bhíonn ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta maidir leis an méid sin, á mheabhrú.

8. Bealaí nuálacha cruthaitheacha rannpháirtíocha a spreagadh chun litearthacht sna meáin agus an smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt san oideachas agus san oiliúint, mar shampla trí thaighde a dhéanamh agus iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil tríd an gcultúr agus na healaíona, trí chineálacha cur chuige idirchultúrtha agus trí léiriú meán sna scoileanna, mar mhodh chun an oscailteacht do chultúir eile agus an tsaoránacht ghníomhach a neartú.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH

1. I gcomhthéacs chreat straitéiseach ET2020, leanúint den phiarfhoghlaim a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais i réimse na litearthachta sna meáin agus i réimse na smaointeoireachta criticiúla a bhailiú agus a scaipeadh, agus aird ar leith á tabhairt, ag an am céanna, ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste agus leo siúd atá i mbaol a n-imeallaithe.

2. Comhtháthú beartas a áirithiú ar leibhéal an Aontais i réimse na litearthachta sna meáin, ionas gur obair chomhlántach a bheidh san obair atá ar bun ag na saineolaithe sna réimsí ábhartha beartais, amhail an t-oideachas, an óige, an cultúr agus an beartas closamhairc, mar aon le réimse na frithsceimhlitheoireachta, agus sainiúlachtaí earnáil an oideachais agus na hoiliúna á gcur san áireamh ag an am céanna.

3. Tacú le hiarrachtaí chun scileanna agus uirlisí a thabhairt don fhoireann teagaisc, ar scileanna agus uirlisí iad atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann leis an litearthacht sna meáin agus leis an smaointeoireacht chriticiúil ar mhodh éifeachtach le foghlaimeoirí de gach aois agus cúlra, *inter alia* tríd an Tairseach Oideachais Scoile a úsáid agus tríd an bhfoghlaim idir piaraí a chur chun cinn tríd an ardán r-nasctha.

4. Leanúint den chomhoibriú le fóraim iltaobhacha eile, amhail Comhairle na hEorpa[12], UNESCO agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, agus an obair a dhéanann siad a chur san áireamh, toisc gur dúshláin trasteorann atá i gceist a dhéanann difear do thíortha atá laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon.

5. Spreagadh a thabhairt chun leas a bhaint as na deiseanna maoiniúcháin a chuirtear ar fáil le cistí agus cláir ábhartha uile an Aontais – go háirithe Erasmus +, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa, Fís 2020, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach – chun tacú leis na hiarrachtaí sin.

---

[12] Go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise maidir le Cearta an Linbh 2016-2021, mar a ghlac an Coiste Airí í ar an 2 Márta 2016, lena ndírítear ar an tsaincheist faoi chearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn sa timpeallacht dhigiteach.